CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 75/24

Lucsamburg, an 30 Aibreán 2024

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-470/21 | La Quadrature du Net agus Páirtithe eile (Sonraí pearsanta agus an comhrac i gcoinne sárú cóipchirt)

# An comhrac i gcoinne cionta coiriúla agus cur isteach ar chearta bunúsacha: féadfaidh údarás poiblí náisiúnta atá freagrach as sárú cóipchirt a rinneadh ar líne a chomhrac rochtain a fháil ar shonraí aitheantais ó sheoladh IP

*Shonraigh an Chúirt Bhreithiúnais na ceanglais maidir le sonraí den sórt sin a stóráil agus a rochtain*

Féadfaidh na Ballstáit oibleagáid a chur ar sholáthraithe seirbhíse idirlín seoltaí IP a stóráil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach d'fhonn cionta coiriúla i gcoitinne a chomhrac, ar choinníoll nach bhféadfar tátail bheachta faoi shaol príobháideach an ábhair sonraí a bhaint astu. Baintear é sin amach trí shocruithe stórála lena ndéantar deighilt atá dosháraithe go héifeachtach idir seoltaí IP agus catagóirí eile sonraí pearsanta, go háirithe sonraí aitheantais shibhialta,

Féadfaidh na Ballstáit freisin, faoi choinníollacha áirithe, rochtain ar shonraí aitheantais shibhialta a bhaineann le seoltaí IP a údarú don údarás inniúil náisiúnta, ar choinníoll go ráthaítear deighilt atá dosháraithe idir na catagóirí éagsúla sonraí le stóráil dá leithéid.

Nuair a d'fhéadfaí, i gcásanna neamhghnácha, tátail bheachta maidir le saol príobháideach an ábhair sonraí a bhaint as saintréithe a bhaineann le nós imeachta náisiúnta lena rialaítear rochtain dá leithéid, trí ghaol a rianadh idir na sonraí agus an fhaisnéis a bhailítear, ní mór don rochtain sin a bheith faoi réir grinnscrúdú roimh ré arna dhéanamh ag cúirt nó ag údarás riaracháin neamhspleách.

Tugadh dhá oibríocht phróiseála sonraí pearsanta isteach le foraithne Fhrancach, chun saothair a chumhdaítear le cóipcheart nó cearta gaolmhara a chosaint ó chionta arna ndéanamh ar an idirlíon. Is éard a bhí sa chéad oibríocht phróiseála ná seoltaí IP a bhailiú, ag eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do na húdair, ar cosúil gur úsáideadh iad ar shuíomhanna idir piaraí chun cionta den sórt sin a dhéanamh agus iad a chur ar fáil don Ard-Údarás um Scaipeadh na Saothar agus um Chearta a Chosaint ar an idirlíon (Hadopi) [1]. Bhain an dara oibríocht phróiseála le comhoiriúnú an seoladh IP le sonraí aitheantais shibhialta an tsealbhóra ag soláthraithe seirbhísí Idirlín, atá ag gníomhú ar iarratas Hadopi. Cuirtear ar chumas an údaráis, leis an bpróiseáil sonraí sin, nós imeachta a thionscnamh ina gcomhcheanglaítear bearta oideacheolaíoch agus diansmachta i gcoinne daoine sainaitheanta, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le tarchur chuig an ionchúisitheoir poiblí sna cásanna is tromchúisí.

Thug ceithre chomhlachas chun cearta agus saoirsí a chosaint ar an idirlíon caingean os comhair Conseil d'État na Fraince, ag iarraidh go gcuirfí an fhoraithne faoi chonspóid ar neamhní. D'iarr an chúirt sin ar an gCúirt Bhreithiúnais an raibh na hoibríochtaí próiseála sonraí thuasluaite i gcomhréir le dlí an Aontais.

Measann an Chúirt, ina suí di mar Chúirt Iomlán, **nach gá gur cur isteach tromchúiseach** ar chearta bunúsacha é

coinneáil ghinearálta agus neamh-idirdhealaitheach seoltaí IP. Ceadaítear coinneáil den sórt sin i gcás go **bhforchuirtear socruithe stórála** leis an reachtaíocht náisiúnta **lena n-áirithítear go ndéanfar deighilt atá dosháraithe go héifeachtach** idir na catagóirí éagsúla sonraí pearsanta agus, ar an gcaoi sin, nach bhféadfaí tátail bheachta a bhaint astu maidir le saol príobháideach an ábhair sonraí.

Chinn an Chúirt freisin **nach gcuirtear cosc**, le dlí an Aontais Eorpaigh ar reachtaíocht náisiúnta **lena n-údaraítear** don údarás poiblí inniúil, d'fhonn duine a bhfuil amhras ann faoi chion coiriúil a bheith déanta aige a shainaithint, agus chuige sin amháin, **rochtain a bheith aige ar shonraí aitheantais shibhialta a fhreagraíonn do sheoladh IP**, arna stóráil go leithleach agus deighilte go héifeachtach ag soláthraithe rochtana idirlín. Mar sin féin, ní mór do na Ballstáit **a áirithiú nach gceadaítear le rochtain den sórt sin tátail bheachta a bhaint faoi shaolta príobháideacha** shealbhóirí na seoltaí IP lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní mór toirmeasc a chur ar oifigigh atá údaraithe rochtain den sórt sin a bheith acu faisnéis ó inneachar na gcomhad a dtéann na sealbhóirí sin i gcomhairle leo a nochtadh, conair bhrabhsála na seoltaí IP a rianú agus na seoltaí IP sin a úsáid chun críche nach í a sealbhóirí a shainaithint d'fhonn aon bheart ina gcoinne a ghlacadh.

I gcás inarb é an t-aon chuspóir amháin atá le rochtain ar shonraí a bhaineann le céannacht shibhialta úsáideoirí modhanna cumarsáide leictreonaí ná an t-úsáideoir lena mbaineann a shainaithint, **ní bheidh gá** don rochtain sin **a bheith faoi réir grinnscrúdú** roimh ré arna dhéanamh ag cúirt nó ag údarás riaracháin neamhspleách a mhéid a bhaineann an rochtain sin le cur isteach ar chearta bunúsacha nach féidir a bheith aicmithe mar bheith tromchúiseach. Ní mór **foráil a dhéanamh, áfach, do rialú** den sórt sin i gcásanna **ina bhféadfaí**, le saintréithe nós imeachta náisiúnta lena rialaítear rochtain dá leithéid, trí ghaol a rianú idir na sonraí agus an fhaisnéis a bhailítear le linn chéimeanna éagsúla den nós imeachta sin, tátail bheachta a bhaint maidir le saol príobháideach an ábhair sonraí agus, dá bhrí sin, cur isteach tromchúiseach ar chearta bunúsacha a bheith i gceist leis an rochtain úd. I gcás dá leithéid, ní mór do chúirt nó d'údarás riaracháin neamhspleách an grinnscrúdú sin a dhéanamh sula rianaítear an gaol, agus éifeachtacht an nóis imeachta sin á caomhnú ag an am céanna trína fhágáil gur féidir, go háirithe, cásanna a shainaithint ina bhféadfadh an t-iompar ciontach atá i gceist titim amach arís.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gníomh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] An 1 Eanáir 2022, tháinig Hadopi agus an Conseil supérieur de l'audiovisuel (CSA) le chéile chun an Autorité de régulation de la communication audiovisuelle et numérique (Arcom) a chruthú. Ó shin, tá an nós imeachta um fhreagairt chéimnithe, gan athrú go bunúsach, curtha i bhfeidhm ag beirt bhall de choláiste Arcom, duine amháin ceaptha ag Conseil d'État agus an ceann eile ceaptha ag an Cour de cassation.